Talamh Pobail na Sollán – Comhairliúcháin ón bPobal

Sallins Community Lands – Public Consultation

Nasc: https://consult.kildarecoco.ie/ga/consultation/sallins-amenity-lands-masterplan

Spriocdáta 18 Nollaig 2020, 5.00i.n.

GAEILGE

RE: Próiséas comhairliúchán poiblí i dtaca le dearadh is le forbairt tailte pobail ag na Solláin.

Fáiltíonn Cill Dara le Gaeilge (CDleG) roimh an deis chun páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin poiblí atá ar siúl faoi láthair i dtaca le dearadh is le forbairt suíomh 41 acra de spás áise poiblí sna Solláin. Tá áiseanna pobail; agus páirceanna poiblí gann go maith sna Solláin agus tabharfaidh forbairt na páirce seo deis iontach don phobal áitiúil taitneamh a bhaint as spás faoin aer agus é taobh istigh de raon siúlóide ó lár an bhaile.

Tacaíonn Cill Dara le Gaeilge le haighneacht Chomhairle Pobail na Sollán agus ceann an ghrúpa cultúrtha, Sult na Sollán, maidir lena moltaí faoi fhorbairt an talaimh phoiblí seo. Tá sé riachtanach go mbeadh dearadh ionchuimsitheach den pháirc agus go bhfreastalódh sí ar na déimeagrafaigh uile chomh maith le gach grúpa sainspéise.

Moltaí maidir le dearadh na páirce

- Ábhar suntais ar leith é suíomh na páirce ar bhruach na Mór-Chanála agus ba chóir go mbeadh sé mar ghné suntasach d'fhorbairt na páirce. Meallfaidh forbairt an ghlasbhealaigh feadh an chosáin tarraingthe mórán cuairteoirí chun na páirce. Anuas ar phobal áitiúil na Sollán, áireofar i measc na gcuairteoirí iadsan a thiocfaidh i ngluaisteáin, ar bhus nó ar thraein, siúlóirí/rothaithe feadh phríomhbhealach na canála agus siúlóirí/rothaithe a bheadh ag teacht ón Nás trí na Solláin go dtí Bóthar an Náis nó trí chraobhlíne na canála.
- Tá sé bunúsach chomh maith go mbeadh daoine aosta nó míchumasacha in ann na tailte poiblí seo a rochtain go héasca. Ba chóir go dtabharfaí na grúpaí seo uile san áireamh i ndearadh na páirce maille le bealaí rochtana, comharthaíocht poiblí dátheangach (e.g. ag pointí fágála, carr-chlóis poiblí, bus-stadanna, an stáisiún traenach áitiúil etc.).
- Siúd is nach dtagann sé faoi chúram an ailtire thírdhreacha sa raon oibre reatha, ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeadh srian ar chuairteoirí, a bheadh ag teacht ar chraobhlíne an ghlasbhealaigh ó Dhroichead Bhaile Osbeird an pháirc a rochtain cionnas nach bhfuil droichead coisithe ag nó gar d'Oileán an tSaighdiúra. Ba chóir do Chomhairle Contae Chill Dara an deis iontach a fheiceáil chun an pháirc nua seo a cheangal le ceantar an Náis tríd an mbealach seo.
- Tá sé rí-thábhachtach go gcuireadh dearadh na páirce san áireamh a leithéid de dhroichead a thógáil amach anseo (agus é á úsáid ag coisithe, ag rothaithe agus ag lucht úsáidte chathaoireacha rothaí). Chuirfeadh an gné seo go mór le rochtain éasca a bheith ar an bpáirc ó threo an Náis agus sholáthródh sé áis, thabharfadh sé deiseanna breise do chuairteoirí ar Ghlasbhealach na Mór-Chanála agus sholáthródh sé bealach easbhóthair ó na Solláin go dtí Nás na Ríogh – áis a bheadh riachtanach, mar shampla, do mhic léinn iarbhunscoile ar mhaith

leo rothaíocht a dhéanamh go dtína scoil sa Nás ar bhealach sábháilte easbhóthair in áit an príomhbhóthar a úsáid.

Moltaí maidir le Cultúr agus Oidhreacht

- Ba chóir go dtabharfaí san áireamh, agus an pháirc á dearadh, sainchomharthaí áitiúla agus an oidhreacht áitiúil, ar a n-áireofaí an stair áitiúil a bhaineann le forbairt na Mór-Chanála, Uiscerian Laighean, Abhainn na Life agus an t-Iarnród (a bheidh le feiceáil ón bpáirc) agus ba chóir fosta bealach le comharthaí eolais go dtí Reilg Bhaile Bhaldain a bheith ann.
- Ba chóir go gceiliúrfadh an pháirc an fiadhúlra is an fána áitiúil. Ba chóir go mbeadh siúlóidí dúlra, comharthaíocht phoiblí agus cláir eolais do chuairteoirí mar chuid de dhearadh na páirce.
- Ba chóir go mbeadh an chomharthaíocht phoiblí uile dátheangach agus ba chóir don leagan Gaeilge bheith ar barr agus ba chóir don dá leagan bheith ar comhéid.
- Ba chóir go mbeadh spás sa pháirc do léirithe poiblí. Tugann cruth na talún, gar don timpeallán ar an seachbhealach, deis den scoth dá leithéid.

Moltaí maidir le hIonad Pobail/Cultúrlann

- Ba chóir go mbeadh an t-ailtire tírdhreacha ar an eolas go bhfuil Comhairle Pobail na Sollán, Cill Dara le Gaeilge agus Sult na Sollán, chomh maith le clubanna spóirt áitiúla agus grúpaí pobail eile ag éileamh go dtógfaí ionad pobail ar an talamh poiblí. Ar an gcuid is lú sholáthródh ionad pobail den tsórt seo leithris phoiblí, áiseanna ceatha/seomraí gléasta, seomraí cruinnithe iomadúla, siopa/bialann/caife agus halla spóirt laistigh.
- Tá Cill Dara le Gaeilge agus Sult na Sollán araon ag éileamh go mbeadh Cultúrlann nó ionad cultúrtha mar chuid bhreise leis an áis phobail seo agus tuigimid go mbeimid i dteideal ar iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú caipitil ón rialtas chun díol as an dearadh agus as dtógáil. Bheadh an chultúrlann mar chroílár ag Co. Chill Dara chun an cultúr traidisiúnta Gaelach agus an Ghaeilge a chur chun cinn sa chontae. Thairis sin, d'fhéadfadh sé feidhmiú mar ionad léirmhíniúcháin don oidhreacht áitiúil, mar chroílár an ghlasbhealaigh agus mar ionad don turasóireacht cultúrtha agus don oidhreacht áitiúil.
- Siúd is nach bhfuil maoiniú faighte fós don tionscadal seo is ábhar muiníne agus áthais dúinn go bhfuil Peter Carey, thar ceann Chomhairle Contae Chill Dara, tar éis a thacaíocht a léiriú don choincheap Cultúrlann Chill Dara a bheith ar an talamh pobail seo (féach san aguisín). Tá tacaíocht don choincheap á léiriú freisin ag an bhforas stáit, Foras na Gaeilge, agus ag eagraíochtaí dála Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Tá an tacaíocht seo glan-soiléir sa phlean teanga don Ghaeilge 2019-2023 a

foilsíodh le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chill Dara. Agus pobal na Gaeilge sa cheantar ag súil go n-athnófaí Na Solláin/Nás na Ríogh mar líonra Gaeilge sár i bhfad, sholáthródh na tailte pobail seo croílár nádúrtha sa tréimhse nua iontach seo. Tá Cill Dara le Gaeilge, i gcomhar lena geallsealbhóirí uile, ag leanúint air de bheith ag obair chun an aidhm a bhaint amach - Cultúrlann a fhorbairt ar na tailte poiblí sna Solláin.

- Ba chóir go dtógfadh an t-ailtire tírdhreacha ceann de gur dócha go dtógfar áis phobail/Cultúrlann sna Solláin agus conas mar a fhéadfaí áis mar í a chorprú isteach i dtailte poiblí na Sollán amach anseo. Ba chóir go mbeadh áis mar í suite ar dhóigh go mbeadh sí inrochtana go héasca ag cuairteoirí ar an nglasbhealach.

Mar chríoch,

Guímid gach rath ar an ailtire tírdhreachach, Cathal O'Meara, agus ar Roinn Pháirceanna Chomhairle Contae Chill Dara agus iad i mbun an tionscadail rí-thábhachtaigh seo.

ENGLISH

RE: Public consultation process de design and development of community lands in Sallins

Cill Dara le Gaeilge (CDleG) welcomes the opportunity to participate in the public consultation process currently underway re the design and development of a 41 acre public amenity space in Sallins. Community facilities and public parklands are in short supply in Sallins and the current development of this parkland will offer a wonderful opportunity for the local community to enjoy access to a public outdoor space, within walking distance of the town centre.

Cill Dara le Gaeilge supports the submission of Sallins Community Council and that of Sallins based cultural group, *Sult na Sollán*, re proposals made for the development of this public land. It is essential that the design of the park be inclusive and cater for all demographics and interest groups.

Recommendations re design of the park

- The location of the site, along the banks of the Grand Canal is of particular note and this should be a central feature of the parkland development. The development of the greenway along the canal towpath will attract many visitors to the park. Visitors to the space, other than the local community in Sallins, will include visitors travelling by car, by bus or by train, walkers/cyclists along the primary canal route and walkers/cyclists coming from Naas either via the Sallins to Naas road or via the Naas spur of the canal.
- Ease of access to these public lands for disabled and elderly population is also essential. The park design should have forethought for all of these groups including provision of appropriate access routes, bilingual public signage (e.g. at drop-off points, local car parks, bus stops, local train station etc.).
- Although outside the remit of the landscape architect in the current scope of work, it should be noted that access to the parkland for visitors coming along from the Naas spur of the greenway from Osberstown Bridge would be restricted due to the absence of a pedestrian bridge at or near Soldier's Island. Kildare County Council should recognize the fantastic opportunity to link the new parkland to the Naas area via this route.
- It is essential that the design of the park take into account the possibility that such a bridge be constructed in future (for use by pedestrians, cyclists and wheelchair users). This feature would greatly ease access to the park from the Naas direction, would provide more options for visitors to the Grand Canal Greenway and would also provide for an off-road route from Sallins to Naas, essential for post-primary school-children for example that might like to cycle to their school in Naas via a safer off-road alternative to the main road.

Recommendations re Culture and Heritage

- The park design should celebrate local landmarks and local heritage including the local history of the development of the Grand Canal, Leinster Aqueduct, the River Liffey and the Railway (in view from the park) and should also provide a sign-posted route to Bodenstown Cemetery.
- The park should celebrate local wildlife and fauna. Appropriate nature walks, public signage and informational boards for visitors should feature in the park design.
- All public signage should be bilingual; The Irish language should feature the Irish language as the first language and both languages should be of equal prominence.
- A space suited for outdoor performances should feature in the park. The contours of the land near the roundabout on the bypass road offer an excellent opportunity for such a feature.

Recommendations re Community Centre / Cultúrlann

- The landscape architect should be aware that Sallins Community Council, *Cill Dara le Gaeilge* and *Sult na Sollán* as well as local sports clubs and other local community groups are campaigning that a community centre be developed on the community land. At a minimum, such a community centre would provide public toilets, shower/changing room facilities, multiple meeting rooms, a shop/restaurant/café and an indoor sports hall.
- *Cill Dara le Gaeilge* and *Sult na Sollán* are specifically campaigning that a *Cultúrlann* or cultural centre be an extension of this community facility and we understand that we will be eligible to apply for capital funding from the government to pay for its design and development. The Cultúrlann would serve as a central hub within Co. Kildare for the promotion of Irish traditional culture and the Irish language. It would also potentially serve a wider role as an interpretive centre for local heritage, a focal point on the greenway and as a hub for local cultural and heritage tourism.
- Although funding for this project is yet to be secured, we are delighted and reassured that Peter Carey on behalf of KCC has expressed his support for this concept of *Cultúrlann Chill Dara* on these community lands (see appendix). The concept is also supported by state body *Foras na Gaeilge* and by organisations such as *Conradh na Gaeilge*, *Glór na nGael*, *Cumann Lúthchleas Gael* and *Comhaltas Ceoltóirí*. This support is evident in the published 2019 - 2023 Irish language plan for Co. Kildare which was published with the support of Kildare County Council. With the Irish language community hoping that the Sallins/Naas area will shortly be recognised as an official Irish language network (líonra), these community lands would provide a natural hub for this exciting new phase. Cill Dara le Gaeilge continues to work with all stakeholders to realise this ambition of developing a Cultúrlann on the public lands in Sallins.

- The landscape architect should factor in the probability of a community facility/Cultúrlann being realised in Sallins and should be mindful of how such a facility could be incorporated into the Sallins community land in future. The location of such a facility would need to be accessible by road and should also be easily accessible by visitors to the greenway.

In conclusion

We wish the landscape architect Cathal O Meara and Kildare County Council Parks Department all the best with this vitally important project.

Osamharc ar Chill Dara le Gaeilge mar chuideachta

Cuideachta neamhbhrabúis í Cill Dara le Gaeilge atá lonnaithe i gCo. Chill Dara agus a bhfuil na ceithre aidhm seo a leanas aici:

- pleanáil teanga don Ghaeilge i gCo. Chill Dara
- cur chun cinn na Gaeilge mar theanga pobail i gceantar uirbeach an Náis (ar a n-áirítear na Solláin)
- tacaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí ar mian leo a gcuid gnó a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge
- Cultúrlann Chill Dara a fhorbairt mar áis tras-chontae chun an cultúr traidisiunta Gaelach agus an Ghaeilge a chur chun cinn.

Bunaíodh Cill Dara le Gaeilge i 2017 agus tá sé lonnaithe sna Solláin/Nás na Ríogh

Is é www.cilldaralegaeilge.ie suíomh gréasáin na cuideachta;

Is í 603114 Cláruimhir na Cuideachta:

Cill Dara le Gaeilge company overview

Cill Dara le Gaeilge is a Co. Kildare based non-profit company, focused on the following four objectives:

- Irish Language planning for Co. Kildare
- Promotion of Irish as a community language in the Naas municipal area (including Sallins)
- Provide support to businesses in County Kildare that wish to wish to promote their business through the Irish language
- The development of *Cultúrlann Chill Dara* – a county-wide facility to promote and celebrate Irish traditional culture and music and the Irish language

Cill Dara was set-up in 2017 and is based in Sallins/Naas.

The company website is www.cilldaralegaeilge.ie

Company Number: 603114

Aguisín | Appendix

GAEILGE

Cáipéisí Tagartha:

Plean Teanga don Ghaeilge i gContae Chill Dara 2019 – 2023:

https://www.cilldaralegaeilge.ie/Plean%20teanga%20do%20Chontae%20Chill%20Dara%20- %20Leagan%201.1-2020_GAEILGE.pdf

An Straitéis Náisiúnta don Ghaeilge

https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/an-straiteis-20-bliain-don-ghaeilge-2010-2030/

Plean Gníomhaíochta 2018-2022 don Ghaeilge

https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/plean-gniomhaiochta-2018-go-2022/

Gníomhaíochtaí Féideartha i gCultúrlann Chill Dara

https://coggle.it/diagram/XPZGBBMirQDqSpp-/t/cult%C3%BArlann-chill-dara

Gníomhaíochtaí Féideartha do Thurasóireacht Cultúrtha agus Oidhreachta sna Solláin

https://coggle.it/diagram/WxU_DyBEsllU8ZjI/t/na-soll%C3%A1in-sallins-cultural-heritage-opportunities

Aguisín | Appendix

ENGLISH

Reference Documents:

Co. Kildare Irish Language Plan for 2019-2023
https://www.cilldaralegaeilge.ie/Plean%20teanga%20do%20Chontae%20Chill%20Dara%20-%20Leagan%201.1-2020_ENGLISH.pdf

National Strategy for the Irish Language
https://www.gov.ie/en/policy-information/2ea63-20-year-strategy-for-the-irish-language/

National Action Plan for the Irish Language, 2018-2022
https://www.gov.ie/en/policy-information/1418a-action-plan-2018-2022/

Potential activities in Cultúrlann Chill Dara

https://coggle.it/diagram/XPZGBBMirQDqSpp-/t/cult%C3%BArlann-chill-dara

Potential activities for Cultural & Heritage Tourism in Sallins

https://coggle.it/diagram/WxU_DyBEsllU8ZjI/t/na-soll%C3%A1in-sallins-cultural-heritage-opportunities

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

An tUasal Seán Kyne, TD
Aire Stáit
Teach Laighean
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 XR20

20/05/2019

A Aire, A Chara

Ba mhaith le Comhairle Contae Chill Dara a tacaíocht a athdhearbhaíonn do Líonra Gaeilge a chruthú i gceantar bardasach an Náis. Táimid ag tnúth le cur i láthair ó Sult Na Sollán don chomhairle iomlán Chill Dara níos déanaí sa bhliain. Tá súil againn go mbeidh siad ábalta an dul chun cinn atá déanta acu maidir lena sprioc chun Líonra Gaeilge don Cheantar Bardasach a bhaint amach agus Cultúrlann do Chontae Chill Dara a fhorbairt sna Solláin.

Kildare County Council would like to reiterate its support for the creation of an Irish Language Network in the municipal district of Naas. We look forward to Sult Na Sollán's presentation to Kildare's full council later in the year. We hope that they will be able to set out the progress they have made in achieving their goal of an Irish Language Network for the Municipal district and the development of a Cultúrlann for County Kildare in Sallins.

P. Ó Ciardha

Peadar Ó Ciardha
Peter Carey

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Chief Executive Officer

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

Letter from Peter Carey, KCC CEO to Seán Kyne, Iar-Aire Stáit (ex Minister of State)